

Sainmhíniú agus Torthaí Foghlama a mBaineann Siad Leo

Anailísigh - staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneas a aithint, agus a fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

U4 U4

Cuir i bhfeidhm - eolas agus/nó scileanna a roghnú agus a úsáid chun fadhb a réiteach i gcás nua

U1 CT1 AF3 AF6

A2 A8

Ríomh - freagra uimhriúil a oibriú amach

U1 CT1 SD3

Rangaigh - rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta

SD3

Déan comparáid - cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd

A4

Cuir le chéile - úsáid a bhaint as airíonna cruthanna agus torthaí céimseatúla ar mhaithe le tarraingt go cruinn, ag baint úsáid as na huirlisí céimseatúla a leagtar síos agus iad sin amháin

CT3

Tiontaigh - athrú ó fhoirm amháin go foirm eile

U1 U2 AF1 AF3

Sainmhíniú - [tacar]: riail a thabhairt lena n-aithnítear na baill atá i dtacar

U5

Pléigh - athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí

CT5 SD3

Meas - luach garbh a shonrú nó a ríomh maidir le cainníocht áirithe

SD2

Measúnaigh - breithiúnas a dhéanamh ar bhailíocht nó ar chaighdeán coibhneasta ruda, ina bhféadfadh anailís, comparáid agus codarsnacht, léirmheas, cosaint nó breithiúnas a bheith i gceist

CT3 CT4 SD3 A10 A12

Mínigh - cuntas réasúnta a thabhairt, ina dtaispeántar an dóigh a n-eascaíonn torthaí as cúiseanna

CT3 A13

Ginearálaigh - ráiteas ginearálta a chruthú bunaithe ar chásanna sonracha

U1 AF1

Cruthaigh - rud a tháirgeadh nó a ghiniúint

AF1 AF2 AF3 AF5 SD1

SD3 A11 A12

Léirmhíniú - úsáid a bhaint as eolas agus tuiscint chun an chiall atá le rud éigin a mhíniú i gcomhthéacs

U1 CT1 CT2 CT5 AF2

AF7 SD3 A4 A9 A13

Imscrúdaigh - breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

U1 U2 U3 U5 CT2

CT3 CT5 CT6 AF1 AF2

AF7 SD1 SD2

Cosain - cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid

A13

Pléigh go matamaiticiúil - léiriú matamaiticiúil a chruthú (m.sh. graf, cothromóid, fíor chéimseatúil) chun cur síos a dhéanamh ar ghné ar leith d'fheiniméan

A7

Cruthaigh - argóint dhéaduchtach a thabhairt chun a léiriú go bhfuil ráiteas ar leith fíor, lena n-áirítear cúiseanna le gach céim san argóint

Slánaigh - an uimhir is gaire d'uimhir áirithe, i ndearbhthéarmaí, a thabhairt san fhoirm riachtanach (mar shampla, iolraí de 100, nó uimhir lena mbaimeann trí fhiúir bhunúsacha)

Sceitseáil - graf nó léaráid gharbh a tharraingt gan uirlisí céimseatúla

Réitigh - freagra nó réiteach ar rud éigin a oibriú amach

U2 U3 SD1 A8

Luaign - ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta

Tuig - saineolas a fháil agus a úsáid mar is cuí, agus na naisc idir codanna a fheiceáil

U1 U2 U5

Úsáid - eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh

U1 U2 U3 U5 CT3

CT4 AF2 AF3 AF4 AF7

SD1 SD2 A13

Deimhnigh - a léiriú go bhfuil ráiteas fíor

- U: Uimhreas**
- CT: Céimseata agus Triantánacht**
- AF: Ailgéabar agus Feidhmeanna**
- SD: Staitisticí agus Dóchúlacht**
- A: Snáithe Aontach**

Curtha in oiriúint ó Shonraíocht d'Matamaitic na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag www.curriculumonline.ie

Tuilleadh acmhainní Matamaitic ar fáil ag www.jct.ie/leangangaeilge/maths/resources_ga